**RABHADH**
**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

**SCRÚDUIMHIR**

**DON SCRÚDAITHEOIR**
**Iomlán na Marcanna**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2005

## EACNAMAÍOCHT BHAILE

## ARDLEIBHÉAL

***DÉ hAOINE 17 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30***

**Iomlán na Marcanna 300**

**STAMPA AN IONAID**

| **Do scrúdaitheoirí amháin** | | |
|---|---|---|
| **CEIST** | | **MARC** |
| Roinn A (Iomlán) | | |
| | | |
| Roinn B | **1** | |
| | **2** | |
| | **3** | |
| | **4** | |
| | **5** | |
| | **6** | |
| **IOMLÁN** | **➔** | |
| **GRÁD** | **➔** | |

**TREORACHA**

1. Roinn A - 80 marc.
   Freagair 20 (fiche) ceist ó Roinn A;
   tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

2. ***Freagair na ceisteanna sa spás atá ann dóibh.***

3. Ní mór na bileoga freagraí comhlánaithe do Roinn A a thabhairt ar ais d'fheitheoir an scrúdaithe.

4. Roinn B - 220 marc.
   Freagair 4 (ceithre) cheist ó Roinn B;
   tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

## **ROINN A**
## **80 marc**

**Freagair 20 (fiche) ceist díobh seo a leanas. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** Liostaigh **ceithre** threoirlínte d'ithe sláintiúil.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**2.** Breacrianaigh **dhá** chúis a n-athródh déagóir ina f(h)eoilséantóir.

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**3.** Tabhair **dhá** thionchar a bhíonn ag cócaireacht ar iasc.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**4.** Ainmnigh **dhá** rangú dhifriúla cáise agus tabhair sampla **amháin** de **gach** rangú.

| RANGÚ CÁISE | SAMPLA |
|---|---|
| **(i)** | **(i)** |
| **(ii)** | **(ii)** |

**5.** Mínigh **gach ceann** díobh seo a leanas:

**(i)** **raicíteas** ______________________________

______________________________

**(ii)** **hipearvitimíneoiseas (hypervitaminosis)** ______________________________

______________________________

**6.** Ainmnigh cineál **amháin** difriúil plúir a thagann le **gach ceann** de na curtha síos seo a leanas:

| CUR SÍOS | CINEÁL PLÚIR |
|---|---|
| **(i)** tá an crotal seachtrach agus bran ann | **(i)** |
| **(ii)** tá glútan breise ann | **(ii)** |
| **(iii)** oiriúnach do chéiliach | **(iii)** |
| **(iv)** tá gníomhaí ardúcháin curtha leis | **(iv)** |

**7.** Cén fheidhm a bhaineann le hoifig an Ombudsman?

______________________________

______________________________

______________________________

**8.** Mínigh an difríocht atá idir ioncam comhlán agus glanioncam.

______________________________

______________________________

______________________________

**9.** Tabhair **dhá** airí a bhaineann le seirbhís d'ardcaighdeán.

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**10.** Mínigh **gach ceann** díobh seo a leanas:

**(i)** **ÍMAT (PAYE)** ______________________________

______________________________

**(ii)** **ÁSPC (PRSI)** ______________________________

______________________________


**11.** Ainmnigh na codanna den chóras díleách atá lipéadaithe **1, 2, 3** agus **4**.

**1.** ______________________________

**2.** ______________________________

**3.** ______________________________

**4.** ______________________________




**12.** Tabhair **dhá** thionchar a bhíonn ag mí-úsáid alcóil ar an tsochaí.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**13.** Mínigh **gach ceann** de na téarmaí seo a leanas maidir leis an gcóras atáirgthe baineann.

**(i)** **ubhsceitheadh** ______________________________

______________________________

**(ii)** **sos míostraithe** ______________________________

______________________________

**14.** Luaigh **dhá** fheidhm a bhaineann leis na scamhóga.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**15.** Breacrianaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a dhéanamh nuair a bhíonn leictreachas á úsáid sa teach.

**(i)** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

______________________________________________

**16.** Mol **dhá** chineál dhifriúla cóiríochta a bheadh oiriúnach do mhac léinn a bheadh ina c(h)ónaí ó bhaile.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**17.** Liostaigh **ceithre** bhogthroscán a úsáidtear sa teach.

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________ **(iv)** ____________________

**18.** Mínigh an téarma ***dramhaíl neamhorgánach*** ______________________

______________________________________________

______________________________________________

Tabhair sampla **amháin** de ***dhramhaíl neamhorgánach*** ____________________

**19.** Mínigh conas is féidir **gach ceann** de na smáil seo a leanas a bhaint as geansaí cadáis:

**(i)** **féar** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** **fuil** ______________________________________________

______________________________________________

**20.** Tabhair **dhá** chúis a bhféadfadh an snáth briseadh nuair a bhíonn inneall fuála á úsáid agat.

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**21.** Ainmnigh **dhá** ghreim bróidnéireachta agus mol úsáid dhifriúil do **gach ceann** díobh.

| **GREIM BRÓIDNÉIREACHTA** | **ÚSÁID** |
|---|---|
| **(i)** ______________ | **(i)** ______________ ______________ |
| **(ii)** ______________ | **(ii)** ______________ ______________ |

**22.** Mínigh cad a chuireann **gach ceann** de na siombailí cúram fabraice seo a leanas in iúl:



______________________________

______________________________




______________________________

______________________________

**23.** Tabhair **dhá** airí inmhianaithe a bhaineann le **gach ceann** de na hairteagail teicstíle seo a leanas:

seaicéad geimhridh **(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

braillíní leapa **(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**24.** Ainmnigh **dhá** mhodh chun marcálacha patrúin a aistriú go fabraic.

**(i)** ______________ **(ii)** ______________

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2005

**EACNAMAÍOCHT BHAILE**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE 17 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30**

# ROINN B
**(220 MARC)**

**TREORACHA**

Freagair **CEITHRE** (4) cheist ón roinn seo;
tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

## ROINN B
## 220 Marc

**1.** Is gránach bricfeasta sláintiúil agus folláin í leite.
Tá an t-eolas seo a leanas ar taispeáint ar phaicéad de challóga coirce leitean.

# Callóga Coirce Leitean

**EOLAS COTHAITHE**

| **I ndáiliú 30g.** | |
|---|---|
| Fuinneamh | 465kJ/110kcal |
| Próitéin | 3.3g |
| Carbaihiodráid | 19.8g |
| (arb siúcraí) | 0.3g |
| Saill | 1.5g |
| (arb sáithigh) | 0.3g |
| Snáithín | 2.7g |
| Sóidiam | 0.003g |

**MODHANNA CÓCAIREACHTA**

**Modh A:** Cuir cupán amháin de challóga coirce le trí chupán bainne.
Bruith agus corraigh ar feadh 4-5 nóiméad.

**NÓ**

**Modh B:** Cuir ⅓ cupán de challóga coirce le ⅔ de chupán uisce. Corraigh agus cuir i mbabhla in oigheann micreathoinne.
Cócaráil ar feadh 2-3 nóiméad.
Nóta - d'fhéadfadh amanna difriúla cócaireachta a bheith i gceist ag brath ar an rátáil mhicreathoinne.

**(a)** Ón eolas a thugtar thuas:

**(i)** déan luach cothaithe callóga coirce a mheasúnú;

**(ii)** ainmnigh **dhá** chothaitheach nach bhfuil i láthair i gcallóga coirce leitean agus mol bealach **amháin** le **gach ceann** de na cothaithigh a d'ainmnigh tú a chur san aiste bia;

**(iii)** luaigh cén modh cócaireachta, **A** nó **B**, a roghnófá agus leite á déanamh agat agus tabhair **dhá** chúis le do rogha.

**(b)** Tabhair **trí** chúis gur béile riachtanach é an bricfeasta do dhéagóirí scoile.

**(c)** Dear biachlár cothromaithe bricfeasta, a mbeidh leite ann, a bheidh oiriúnach do dhéagóirí scoile.

**(d)** Mínigh cad is ciall le "*d'fhéadfadh amanna difriúla cócaireachta a bheith i gceist ag brath ar an rátáil mhicreathoinne*".

**2.** **(a)** Breacrianaigh na coinníollacha a chuidíonn le fás microrgánach.

**(b)** **(i)** Ainmnigh baictéar **amháin** is cúis le nimhiú bia.

**(ii)** Tabhair **dhá** fhoinse fhéideartha don bhaictéar seo.

**(c)** Liostaigh **trí** shiomtóm a bhaineann le nimhiú bia.

**(d)** Tabhair **trí** bhuntáiste a bhaineann le bia a leasú.

**(e)** Liostaigh **trí** mhodh leasaithe bia agus mínigh conas a chuirtear **ceann amháin** de na modhanna atá liostaithe agat i gcrích.

3. **(a)** Liostaigh **ceithre** fhoinse fhógraíochta.

**(b)** Tabhair **trí** bhuntáiste agus **trí** mhíbhuntáiste a bhaineann le fógraíocht.

**(c)** **(i)** Déan cur síos ar **thrí** theicníc mhargaíochta a úsáidtear in olmhargaí.

**(ii)** Ainmnigh an teicníc mhargaíochta is éifeachtaí, dar leat, **agus** tabhair cúis le do fhreagra.

**(d)** Breacrianaigh an ról atá ag Údarás na hÉireann um Chaighdeán Fógraíochta.

4. **(a)** Déan cur síos ar **dhá** chineál dhifriúla teaghlaigh.

**(b)** Liostaigh **trí** riachtanas fhisiceacha agus **trí** riachtanas mhothúchánacha a chuireann an teaghlach ar fáil.

**(c)** Déan cur síos ar **thrí** chineál gaoil is féidir a bheith taobh istigh den teaghlach.

**(d)** Breacrianaigh na **cearta** agus na **freagrachtaí** atá ag páistí taobh istigh den teaghlach.

**(e)** Mínigh an téarma ***noirm***.

5. **(a)** Liostaigh na treoirlínte sábháilteachta ba chóir a leanúint chun dóiteán a chosc sa teach.

**(b)** Ainmnigh **trí** phíosa de threalamh sábháilteacht dóiteáin atá oiriúnach le húsáid sa teach.

**(c)** Rianaigh an nós imeachta ba chóir a leanúint le sábháilteacht mhuintir an tí a chinntiú i gcás dóiteán tí.

**(d)** Déan cur síos ar an gcóireáil chéadchabhrach do mhórdhó nó scalladh.

**(e)** Mínigh cén fáth **nár cheart** uisce a úsáid chun dóiteán, a bhfuil locht leictreach mar chúis leis, a mhúchadh.

6. Is snáithín nádúrtha í olann a bhfuil tóir air.

**(a)** Tabhair **trí** shampla eile de shnáithín nádúrtha.

**(b)** Ainmnigh **dhá** chineál fabraic olla.

**(c)** Déan sceitse de lipéad cúraim a bheadh oiriúnach do gheansaí olla.

**(d)** Déan cur síos ar thástáil fabraice a d'fhéadfaí a dhéanamh chun olann a shainaithint.

Leathanach Bán